

Nótaí Mínithe ar an Iarratas chun bheith i do Chomhlacht Ceadaithe chun críocha Alt 7 d'Acht an Reifrinn 1998

An Bille um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh), 2016

(Ní airbheartaíonn an nóta seo gur léirmhíniú dlíthiúil é)

Faoi **Acht an Reifrinn 1998**, is comhlachtaí atá ceadaithe faoi **Alt 7** den Acht amháin atá i dteideal gníomhairí a cheapadh chun bheith i láthair ag eisiúint agus ag oscailt páipéar ballóide postvótálaithe, ag stáisiúin vótaíochta agus ag comhaireamh na vótaí. D'fhonn bheith ina chomhlacht ceadaithe chun críocha an Achta, ní mór do chomhlacht iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Reifrinn i gcomhair dearbhú gur comhlacht ceadaithe é chun críocha an reifrinn lena mbaineann. Ní mór don iarratas a bheith i scríbhinn agus san fhoirm sonraithe (ceangailte), lena n-áirítear an seoladh i Stát an chomhlachta.

Agus iarratas a dhéanamh, ní mór don iarratasóir na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Ní mór go mbeadh suim bona fide aige sa togra agus ainm nach bhfuil chomh cosúil sin le hainm páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta.
2. Ní mór dó a bheith ina chomhlacht (comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe) atá bunaithe sa Stát nó a bhfuil brainse de bunaithe sa Stát.
3. Ní mór dó a bheith faoi rialú ag bunreacht, meabhrán comhlachais nó doiciméad eile den sórt sin nó ag rialacha scríofa eile.
4. Ní mór dó comhaltas nach lú ná 300 a bheith aige.
5. Ní mór dó duine a ainmniú chun bheith ina oifigeach údaraithe chun críocha an Achta agus ní mór ainm agus seoladh an duine sin a áireamh ar an bhfoirm iarratais.

Meastar páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta i láthair na huaire a bheith ina chomhlacht (i.e., ní gá dó na coinníollacha ó 1-4 thuas a chomhlíonadh ach ní mór dó fós iarratas a dhéanamh chun bheith mar chomhlacht ceadaithe chun críocha an reifrinn). Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil sé de cheart i gcónaí ag comhaltaí dhá Theach an Oireachtais gníomhairí den sórt sin a cheapadh.

Aon duine a thabharfaidh faisnéis bhréagach go feasach don Choimisiún faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €634.87 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi. I gcás inar deimhin leis an gCoimisiún gur tugadh faisnéis bhréagach dó faoin alt seo, déanfaidh an Coimisiún aon dearbhú a bheidh déanta aige i ndáil leis an iarratas lena mbaineann a chúlghairm.

Faoi Alt 9 den Acht, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis nó na doiciméid sin go léir a bheidh i seilbh an chomhlachta nó a bheidh ar fáil aige a iarraidh air, is faisnéis nó doiciméid a theastóidh le réasún ón gCoimisiún chun an t-iarratas a chinneadh. D'fhéadfadh an Coimisiún fianaise a éileamh ón iarratasóir lena léiriú go bhfuil comhaltas 300 acu. Déanfaidh Oifigeach

Údaraithe an chomhlachta lena mbaineann de réir iarrataí den sórt sin laistigh de 7 lá agus mura ndéanfaidh an t-oifigeach de réir na hiarrata, measfar an t-iarratas ar dhearbhú a bheith tarraingthe siar. Beidh feidhm le pionóis den chineál céanna is a bhfuil cuntas orthu thuas faoin alt seo i gcás ina dtabharfaidh comhlacht faisnéis bhréagach go feasach mar fhreagairt ar iarraidh faoin alt seo.

Ar dhearbhú a dhéanamh, tabharfaidh an Coimisiún Reifrinn fógra do cheann comhairimh an reifrinn maidir le hainm agus seoladh an chomhlachta agus ainm agus seoladh oifigeach údaraithe an chomhlachta.